Uimhir 6 *de* 2016

AN tACHT SLÁINTE (LEASÚ), 2016

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Leasú ar alt 69 den Acht Sláinte, 2007

2. Gearrtheideal

AN tACHT DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht Sláine, 2007 (Uimh. 23)

Uimhir 6 *de* 2016

AN tACHT SLÁINTE (LEASÚ), 2016

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú alt 69 den Acht Sláinte, 2007; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[26 *Iúil* 2016]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Leasú ar alt 69 den Acht Sláinte, 2007

1. Leasaítear alt 69 den Acht Sláinte, 2007—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) San alt seo—

ciallaíonn 'foras'—

(a) aon fhoras nó aon chuid d'fhoras,

(b) aon lárionad cónaithe nó aon chuid de lárionad cónaithe, nó

(c) aon teach nó aon chuid de theach,

ar lárionad ainmnithe é, seachas lárionad ainmnithe is aonad cúraim speisialta, díreach roimh an lá iomchuí;

ciallaíonn 'lá iomchuí'—

(a) i gcás foras—

(i) a raibh feidhm ag mír (a)(iii) den mhíniú ar 'lárionad ainmnithe' maidir leis roimh an 1 Eanáir 2014, mar a bhí an míniú sin i bhfeidhm díreach roimh an dáta sin, agus

(ii) a bhfuil feidhm ag mír (a)(iii) den mhíniú ar 'lárionad ainmnithe' maidir leis an 1 Eanáir 2014 agus dá éis, mar atá an míniú sin i bhfeidhm an dáta sin agus dá éis,

an 1 Iúil 2009,

(b) i gcás foras—

(i) a raibh feidhm ag mír (b) den mhíniú ar 'lárionad ainmnithe' maidir leis roimh an 1 Eanáir 2014, mar a bhí an míniú sin i bhfeidhm díreach roimh an dáta sin, agus

(ii) a bhfuil feidhm ag mír (c) den mhíniú ar 'lárionad ainmnithe' maidir leis an 1 Eanáir 2014 agus dá éis, mar atá an míniú sin i bhfeidhm an dáta sin agus dá éis,

an 1 Iúil 2009,

(c) i gcás foras—

(i) a raibh feidhm ag mír (a)(ii) den mhíniú ar 'lárionad ainmnithe' maidir leis roimh an 1 Eanáir 2014, mar a bhí an míniú sin i bhfeidhm díreach roimh an dáta sin, agus

(ii) a bhfuil feidhm ag mír (a)(ii) den mhíniú ar 'lárionad ainmnithe' maidir leis an 1 Eanáir 2014 agus dá éis, mar atá an míniú sin i bhfeidhm an dáta sin agus dá éis,

an 1 Samhain 2013, agus

(d) i gcás foras—

(i) a raibh feidhm ag mír (a)(i) den mhíniú ar 'lárionad ainmnithe' maidir leis roimh an 1 Eanáir 2014, mar a bhí an míniú sin i bhfeidhm díreach roimh an dáta sin, agus

(ii) a bhfuil feidhm ag mír (a)(i) den mhíniú ar 'lárionad ainmnithe' maidir leis an 1 Eanáir 2014 agus dá éis, mar atá an míniú sin i bhfeidhm an dáta sin agus dá éis,

an lá a thiocfaidh an Chuid seo i ngníomh a mhéid a bhaineann sí le lárionad ainmnithe a bhfuil feidhm ag an mír seo maidir leis.",

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Aon duine a raibh gnó forais á sheoladh aige nó aici agus seirbhísí cónaithe á soláthar san fhoras aige nó aici díreach roimh an lá iomchuí, féadfaidh sé nó sí leanúint de dhéanamh amhlaidh, d'ainneoin alt 46—

(a) i gcás foras seachas foras a bhfuil feidhm ag mír (c) den mhíniú ar 'lá iomchuí' maidir leis, go ceann tréimhse nach faide ná 3 bliana dar tosach an lá iomchuí nó cibé tréimhse is giorra ná sin a chinnfidh an príomhchigire, agus

(b) i gcás foras a bhfuil feidhm ag mír (c) den mhíniú ar 'lá iomchuí' maidir leis, go ceann tréimhse nach faide ná 5 bliana dar tosach an lá iomchuí nó cibé tréimhse is giorra ná sin a chinnfidh an príomhchigire.".

Gearrtheideal

2. Féadfar an tAcht Sláinte (Leasú), 2016 a ghairm den Acht seo.